# Scéal, Scéal, Scéal...

25 Lúnasa 2022 || Eagrán 111

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga...

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá teachtaireachtaí nó scéalta tábhachtacha agaibh le scaipeadh, ná bíodh drogall ar bith oraibh teagmháil a dhéanamh linn: optchoisfharraige@gmail.com Cuireann muid fáilte 's fiche roimh scríbhneoirí an cheantair freisin má tá píosa agaibh le foilsiú - alt faisnéise, filíocht, nuaíocht nó fógra. Fáilte roimh chách! Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo.**





# Lá Spraoi Chois Fharraige

**Dé Sathairn 27 Lúnasa 2022**

**Am: 12:30-2:30i.n**

**Áit: Páirc na Tulaí**

**Aois: 4-12 Bliain d'aois**

Tá Lá Spraoi á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga ar an Satharn 27ú Lúnasa. Beidh an lá spraoi, a bheas feiliúnach do ghasúir idir 4-12 bliain d'aois ar siúl ó 12:30-14:30 ag Páirc na Tulaí. Le suim a léiriú, is féidir clárú ach teagmháil a dhéanamh le ocptchoisfharraige@gmail.com nó is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le 083 010 6294 Beidh neart spraoi agus cluichí ar siúl, chomh maith le cuairt ón veain uachtair reoite!

# MO MHÁLA LEABHARLAINNE BEAG

Tá scéim álainn á reáchtáil ag leabharlanna ar fuid na hÉireann faoi láthair, áit gur féidir le gasúir a bheas ag freastal ar scoil don chéad uair i mí Mheán Fómhair, Mála Leabharlainne Beag a bhailiú ón leabharlann áitiúil, lán le féiríní deasa! Sa mhála tá trí leabhar bunaithe ar théamaí éagsúla; ag tosú ar scoil, ag déanamh cairde nua agus cúnamh agus treoir maidir le bheith compordach agus muiníneach ionat féin. Tá cárta a thugann cur síos agus léargas ar an leabharlann agus cén chaoi a oibríonn sí, cárta poist gur féidir leis na gasúir a scríobh agus a mhaisiú dá m(h)úinteoir nua agus cárta leabharlainne dá gcuid féin.

Togra álainn le na gasúir a réiteach agus a ullmhú don scoil, ar bhealach taitneamhach agus spraíúil! Is féidir mála a phiocadh suas, saor in aisce, ó do leabharlann áitiúil.






# CIORCAL COMHRÁ CHOIS FHARRAIGE

Tháinig Ciorcal Comhrá Chois Fharraige le chéile don chéad uair i mbliana le gairid agus tá an grúpa ag dul ó neart go neart ó shin. Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga atá ina bhun. Tagann an grúpa le chéile ag oifigí na pleanála teanga in Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V), chuile Chéadaoin @ 7i.n. Tá fáilte roimh chách le haghaidh comhrá, comhluadar agus cupán caife! Tá an seisiún feiliúnach do fhoghlaimeoirí Gaeilge agus cainteoirí atá ag iarraidh a gcuid Gaeilge a chleachtadh.



# CEARDLANNA LÚIBÍNÍ & AGALLAMH BEIRTE

Tá Ceardlanna Agallamh Beirte agus Lúibíní, le Traolach Ó Conghaile, á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Beidh na ceardlanna, do dhaoine fásta, ag tosú ar an gCéadaoin 14ú Meán Fómhair @ 7i.n. in Inis Fáil, sa Spidéal. Cúrsa sé seachtaine a bheas ann. Pléifear an cúlra agus traidisiún a bhaineann le Lúibíní & Agallamh Beirte, agus cuirfear comhairle agus cúnamh ar fáil le triail a bhaint as peann a chur le páipéar tú féin! Moltar clárú roimh ré, de bharr go mbeidh spásanna teoranta. Is féidir teagmháil a dhéanamh le ocptchoisfharraige@gmail.com le clárú do na ceardlanna.



# CEARDLANNA LÚIBÍNÍ & AGALLAIMH BHEIRTE

**Le Traolach Ó Conghaile**

**Dé Céadaoin 14 Meán Fómhair @ 7i.n.**

(cúrsa 6 seachtaine)

Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V)



Cláru ag:

**ocptchoisfharraige@gmail.com**

Spásanna teoranta!!!

COIS FHARRAIGE

fóram um pleanáil teanga

# TAISPEANTAS CHOIS FHARRAIGE 2022

**Ní fada anois go mbeidh Taispeántas Chois Fharraige 2022 faoi lán tseoil. Tá go leor socrúchán idir lámha faoi láthair le go mbeidh taispeántas den chéad scoth réitithe don Domhnach, 4ú Meán Fómhair. Is iomaí comórtas iontach a bheas ar siúl mar chuid den thaispeántas, idir capaillíní, caoirigh, madraí, ealaín agus grianghrafadóireacht. Le foirm iarratais a fháil, ní mór teagmháil a dhéanamh le tcfteo@gmail.com nó is féidir teagmháil a dhéanamh le 087 672 3759 maidir le foirm iarratais a sheoladh sa bpost. Glacfar le hiarratais suas go dtí 28ú Lúnasa 2022.**

# RANGANNA GAEILGE DO DHAOINE FÁSTA

**Tá ranganna Gaeilge do dhaoine fásta á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Cuirfear tús leis na ranganna seo ar an Máirt 13ú Meán Fómhair @ 7i.n. Beidh na ranganna ar siúl in Inis Fáil, sa Spidéal. Beidh na ranganna feiliúnach do thosaitheoirí agus mairfidh an cúrsa seo ar feadh sé seachtaine. Iarrtar ar dhaoine clárú do na ranganna roimh ré, ach teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Pleanála Teanga ag optchoisfharraige@gmail.com nó 083 010 6294.**



***Irish Classes for adult learners will commence on Tuesday 13ú September @ 7pm The course will last six weeks, and will take place in Inis Fáil, Spiddal. To register, please contact optchoisfharraige@gmail or 083 010 6294***

# RANGANNA GAEILGE

do dhaoine fásta

**Ranganna Gaeilge do thosaitheoirí**

(Irish Classes for beginners)

**Dé Máirt 13ú Meán Fómhair**

**Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V)**

(cúrsa 6 seachtaine a bheas ann)



Moltar clárú roimh ré ag

**optchoisfharraige@gmail.com**

(register early to avoid disappointment)

COIS FHARRAIGE

fóram um pleanáil teanga

# SEOLADH TOGRA ATHCHÓIRITHE BRATPHORTAIGH

Seolfar an chéad togra athchóirithe bratportaigh i nGaeltacht Chonamara, ar an Satharn 27ú Lúnasa. Is togra de chuid Ciotóg - an compántas ealaíne - i gcomhpháirtíocht le hÚdarás na Gaeltachta agus foireann EU LIFE 'Multi-Peat' Ollscoil na Gaillimhe atá ann. Cuirfear tús leis an ócáid nuair a fhágfaidh bus Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, an Cheathrú Rua @ 10:15 r.n. Tabharfaidh foireann EU LIfe Multi-Peat léargas ar an bplean oibre. Beidh siúlóid treoirithe ar an suíomh leis an eiceolaí Piaras Ó Giobúin ina dhiaidh sin, chomh maith le seoladh clár imeachtaí eolaíochta, ealaíne & oidhreachta an Fhómhair le Ríonach Ní Néill. Beidh ceol nuachumtha le cloisteáil ar an lá chomh maith ó Mháirtín Breathnach agus Chaitríona Ní Chonaola. Cuirfear tae agus soláistí ar fáil freisin.



# FOLÚNTAS AG POTA CAFÉ

Tá foireann urláir ag teastáil ag POTA. Daoine dearfacha, fuinniúla a bheadh in ann uaireanta páirtaimseartha, agus lánaimseartha a dhéanamh, atá ag teastáil. Más mian leat do chuid suime a léiriú is féidir buail isteach ag an gcaifé nó is féidir CV a sheoladh chuig potacafe@gmail.com.

# GRADAM FOILSITHEOIREACHTA 2022

D’fhógair An tOireachtas, i gcomhpháirt le Foras na Gaeilge, le gairid na leabhair atá ainmnithe ar na gearrliostaí do Gradam Uí Shúilleabháin (Leabhar na Bliana don Léitheoir Fásta), Gradam Réics Carló (Leabhar na Bliana don Léitheoir Óg), agus Gradam de Bhaldraithe (Leabhar na Bliana do shaothar aistrithe go Gaeilge ó theanga eile). I measc na tithe foilsitheoireachta a ainmníodh, tá ceathrar acu lonnaithe i gCois Fharraige - Cló Iar-Chonnacht, Barzaz, Futa Fata agus Leabhar Breac.

Comhghairdeachas leis na tithe foilsitheoireachta, na scríbhneoirí, na haistritheoirí agus na maisitheoirí uilig a ainmníodh. Fógrófar na buaiteoirí ag searmanas speisialta ag tús mhí Dheireadh Fómhair 2022. Go n-éirí go geal le chuile dhuine!




# FOLÚNTAS AG RÚNDA

Tá Rúnda sa tóir ar dhuine cairdiúil, fuinniúil agus freagrach le bheith mar bhall dá bhfoireann. Ba cheart go mbeadh iarratasóirí ar fáil i rith na seachtaine agus bheadh sé cabhrach dá mbeadh taithí san earnáil acu. Le cur isteach ar an bpost is féidir teagmháil a dhéanamh le Rúnda ag rundacoffeestop@gmail.com

